Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**11267/26**

**ASIM 41**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 322 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Tuarascáil ar an meastóireacht ar Ghréasán Imirce na hEorpa 2018-2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 322 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 322 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.6.2026
COM(2026) 322 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil ar an meastóireacht ar Ghréasán Imirce na hEorpa 2018-2021**

{SWD(2026) 173 final}

## 1. COMHTHÉACS

Is líonra é Gréasán Imirce na hEorpa (dá ngairtear 'GIE' anseo feasta) a chistíonn an tAontas, a bunaíodh le Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle[1] agus a leasaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], arb é is aidhm dó faisnéis faoi imirce agus tearmann a bhailiú agus a chomhroinnt idir institiúidí den Aontas agus údaráis agus institiúidí na mBallstát mar fhreagairt ar riachtanais lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara eile sna réimsí sin.

Is é is aidhm do GIE freisin tacú le forbairt comhair phraiticiúil i réimse na himirce agus an tearmainn idir an tAontas agus tríú tíortha roghnaithe, lena n-áirítear dea-chleachtas agus faisnéis a mhalartú trí shocruithe riaracháin a thabhairt i gcrích.

I gcomhréir le hAirteagal 13 de Chinneadh 2008/381/CE ón gComhairle, cuireann an Coimisiún tuarascáil ar fhorbairt GIE faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún, bunaithe ar mheastóireacht sheachtrach neamhspleách. Tá measúnú sa mheastóireacht seo ar an tréimhse 4 bliana ó 2018 go 2021[3]. Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 agus srianta soghluaisteachta gaolmhara ar an tréimhse 2018 go 2021, rud a rinne difear do dhinimic na himirce agus an tearmainn agus a chruthaigh riachtanais oibríochtúla agus faisnéise a bhí ag athrú go tapa. An tráth céanna, mhol an Coimisiún an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann i mí Mheán Fómhair 2020, lenar leagadh síos príomh-athchóiriú beartais an Aontais. Bhí an togra ón gCoimisiún maidir leis an gComhshocrú Nua ina ghné thábhachtach a spreag gníomhaíochtaí agus aschuir GIE tar éis don togra a bheith déanta. Maidir leis an raon feidhme geografach, cumhdaíonn an tuarascáil na Ballstáit uile seachas an Danmhairg, ós rud é nach bhfuil sí rannpháirteach i gCinneadh 2008/381/CE ón gComhairle lena mbunaítear GIE a moladh mar bheart faoi Airteagal 66 CCE (atá anois faoi Theideal V de Chuid a Trí de CFAE), agus i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge. Cumhdaítear sa mheastóireacht freisin an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Iorua atá rannpháirteach in GIE mar bhreathnóirí.

Tá an mheastóireacht dírithe ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus breisluach Eorpach GIE. Tá sé curtha san áireamh inti freisin cé acu atá nó nach bhfuil sainordú GIE cothrom le dáta agus cé acu atá nó nach bhfuil sé ag teacht leis na cuspóirí dár bunaíodh é chomh maith le héifeachtacht na n-athruithe ar raon feidhme na ngníomhaíochtaí. Déantar athbhreithniú léi freisin ar chleachtais oibre GIE agus Sholáthraí Seirbhíse GIE, lena n-áirítear sreabhadh faisnéise, agus soláthraítear léi ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí

[1] Cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2008 lena mbunaítear Gréasán Imirce na hEorpa (2008/381/CE), IO L 131, 21.5.2008, lch. 7.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí Uimh. 573/2007/CE agus Uimh 575/2007/CE ó Pharlaiming na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 150, 20.5.2014, lch 168.

[3] De thoradh thráthchláir chláir oibre GIE (2017-2018, 2019-2020, 2021-2022), rinneadh measúnú páirteach sa mheastóireacht freisin ar shonraí chlár oibre 2021-2022, nach raibh rochtain ar shonraí sonracha le haghaidh 2021 ann.

chun na dúshláin a bhaineann le GIE mar thoradh ar an timpeallacht a bhíonn ag síorathrú a fhreagairt níos fearr.

Rinne cuibhreannas príobháideach staidéar meastóireachta neamhspleách ar GIE, a cuireadh i gcrích in 2024, thar ceann an Choimisiúin chun tacú leis an meastóireacht agus chun bonn eolais a chur fúithi. Rinneadh fianaise a bhailiú ó na foinsí seo a leanas:

- suirbhé ar líne ar 29 bPointe Teagmhála Náisiúnta agus 555 bhall de Líonra Imirce Náisiúnta;
- 3 agallamh straitéiseacha le seirbhísí an Choimisiúin agus le páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais eile;
- 33 agallamh spriocdhírithe agus 10 n-agallamh ghairide leis na páirtithe leasmhara éagsúla;
- 6 chás-staidéar, ina gcomhcheanglaítear athbhreithniú doiciméad le 6 agallamh grúpa le Pointí Teagmhála Náisiúnta agus 5 ghrúpa fócais le baill de líonraí náisiúnta imirce;
- ceardlann le 24 chomhordaitheoir Pointe Teagmhála Náisiúnta;
- taighde deisce.

Freagraí ó fhreagróirí an tsuirbhé a bhí sa phríomhchorpas fianaise. Sholáthair acmhainní deisce sonraí ábhartha agus fianaise fhíorasach maidir le feidhmiú Pointe Teagmhála Náisiúnta lena n-áirítear a struchtúr, a rialachas, a ghníomhaíochtaí agus a tháirgí. Chuidigh gníomhaíochtaí taighde allamuigh le léargais cháilíochtúla a bhailiú maidir leis an gcaoi ar baineadh amach torthaí sonracha agus an fáth ar baineadh amach iad agus sainaithníodh ceachtanna a foghlaimíodh. Bhí Tuarascálacha Stádais Bliantúla ar Phointí Teagmhála Náisiúnta[4] an-úsáideach toisc go dtugann siad forbhreathnú mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí a rinne Pointe Teagmhála Náisiúnta in aon bhliain ar leith. Áirithíodh iontaofacht agus bailíocht na dtorthaí trí thriantánú córasach na sonraí agus na faisnéise a bailíodh trí fhoinsí deisce agus foinsí allamuigh araon a chur i bhfeidhm.

Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún agus bíonn Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil léi ina gcuirtear toradh na meastóireachta i láthair.

## 2. PRÍOMHTHORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTA

I dtéarmaí **éifeachtachta**, cinneadh sa mheastóireacht go n-urramaíonn príomhdhoiciméid chlársceidealaithe na bPointí Teagmhála Náisiúnta cuspóirí a bhunúis dlí agus go léiríonn siad na cuspóirí sin. Deimhníonn na páirtithe leasmhara é sin agus iad den tuairim láidir gur léirigh bearta agus gníomhaíochtaí na bPointí Teagmhála Náisiúnta idir 2018 agus 2021 go cuí na cuspóirí a leagtar amach ina shainordú.

Thug na Pointí Teagmhála Náisiúnta tacaíocht do lucht ceaptha beartas an Aontais i réimse na himirce agus an tearmainn, ar tacaíocht í a úsáideadh chun tosaíochtaí beartais an Aontais a fhreagairt, agus chun tionscnaimh bheartais nua a dhearadh agus a chur chun feidhme. Ar an leibhéal náisiúnta chuidigh sí le heolas a mhéadú agus le feabhas a chur ar cheapadh beartas

[4] https://home-affairs.ec.europa.eu/networks/european-migration-network-emn/emn-publications/emn-status-reports_ga.

náisiúnta i réimse na himirce agus an tearmainn. Measadh go forleathan go raibh an fhaisnéis a chuir GIE ar fáil inrochtana, inchomparáide, éasca a léamh, oibiachtúil, iontaofa agus tugtha cothrom le dáta go tráthrialta. Chomh maith lena hardcháilíocht, mheas na páirtithe leasmhara go raibh an fhaisnéis a chuir na Pointí Teagmhála Náisiúnta ar fáil ábhartha ó thaobh beartais de agus ó thaobh freastal ar a riachtanais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon de.

Tháinig feabhas mór ar an rochtain ar an bhfaisnéis a chuir na Pointí Teagmhála Náisiúta ar fáil nuair a aistríodh Córas Malartaithe Faisnéise na bPointí Teagmhála Náisiúnta chuig ardán nua a chuidigh le feabhas a chur ar a fheidhmíocht[5].

Chuaigh GIE i dteagmháil le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun táirgí agus imeachtaí a ullmhú: forbraíodh ceithre Dhoiciméad Faisnéise[6] maidir le tionchar COVID-19 i gcomhar le ECFE in 2020 agus Doiciméad Faisnéise amháin in 2021, i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus Frontex[7]. Thairis sin, in 2021, d'eagraigh Pointe Teagmhála Náisiúnta na Fionlainne comhdháil maidir le GIE i gcomhar le ECFE agus Comhairle na hEorpa.

Rannchuidigh na Pointí Teagmhála Náisiúnta le comhroinnt an dea-chleachtais a chothú trí leanúint dá ról éascaitheora ó thaobh rochtain a chumasú ar na dea-chleachtais a shainaithnítear sna Ballstáit agus faisnéis a mhalartú maidir le cleachtais imirce na mBallstát.

B'fhorbairt thábhachtach sa chaidreamh seachtrach í rannpháirtíocht GIE le tríú tíortha le linn na tréimhse meastóireachta. In 2021, chuaigh an tSeoirsia agus an Mholdóiv isteach in GIE mar bhreathnóirí[8] agus chuir an Airméin, Montainéagró, an tSeirbia agus an Úcráin in iúl gur spéis leo dul isteach in GIE[9]. Sheol an Coimisiún, le cúnamh ón Meitheal um Chomhar le Tríú Tíortha, réamh-mhalartuithe leis na tíortha sin[10].

Nuair a breathnaíodh mar chuid den mheastóireacht ar fhaisnéis a sholáthar don phobal i gcoitinne, sainaithníodh léi i ndáil leis an ról a bhí ag na Pointí Teagmhála Náisiúnta maidir le comhpháirtithe náisiúnta a shlógadh chun gníomhaíochtaí GIE a chur chun cinn, gur gá an ról sin a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear comhordú níos fearr le lucht ceaptha beartas. Deimhníodh sa mheastóireacht go raibh tionchar in 2021[11] ag iarrachtaí a bhí ag méadú ar fheabhas a chur ar sholáthar faisnéise don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear táirgeadh ábhair a d'fhéadfaí a oiriúnú do riachtanais náisiúnta shonracha.

---

[5] Rinneadh athchóiriú mór ar an gCóras Malartaithe Faisnéise in 2024, tar éis thráthchlár na meastóireachta sin.

[6] faigheann lucht déanta beartas torthaí ríthábhachtacha agus teachtaireachtaí faoi thopaic shonrach ó GIE. Bíonn an fhaisnéis a chuirtear i láthair bunaithe ar thorthaí a tháinig as faisnéis a bhailigh agus a d'anailísigh GIE, mar shampla ó thuarascálacha agus staidéir *ad hoc*.

[7] An Coimisiún Eorpach (2020), Tuarascáil Stádais GIE 2020. Le fáil ag: https://home-affairs.ec.europa.eu/system/files/2021-11/00_eu_GIE_status_report_2020_en.pdf.

[8] Tuarascáil Stádais 2021. Le fáil ag: https://home-affairs.ec.europa.eu/system/files/2023-01/GIE%20status%20report%202021%20final.pdf.

[9] Tuarascáil Stádais 2021. Le fáil ag: https://home-affairs.ec.europa.eu/system/files/2023-01/GIE%20status%20report%202021%20final.pdf.

[10] 27ú cruinniú an Bhoird Stiúrtha.

[11] Tá straitéis cumarsáide GIE 2021-2025 agus na tionchair a bhí aige lasmuigh d'amlíne na meastóireachta sin.

I dtéarmaí **éifeachtúlachta**, measadh go raibh GIE inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus costéifeachtach agus measadh go raibh an cistiú as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) leordhóthanach, agus go raibh costais cur chun feidhme GIE i gcomhréir leis na tairbhí. Thuairiscigh na Pointí Teagmhála Náisiúnta gurbh iad na gnéithe ba dhéine ó thaobh acmhainní de, den chuid is mó, imeachtaí náisiúnta a eagrú, páirt a ghlacadh i gcruinnithe GIE, agus rannchuidiú le táirgí GIE amhail tuarascálacha bliantúla ar imirce agus tearmann agus staidéir. Thug na páirtithe leasmhara dá n-aire gurbh amhlaidh, cé go raibh roinnt céimeanna riaracháin agus leithdháileadh buiséid i gceist leis an timthriall deontais bliantúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcleachtas tar éis thús an chur chun feidhme, a bhí Pointí Teagmhála Náisiúnta in ann dul ar aghaidh go ginearálta le gníomhaíochtaí beartaithe agus aschuir a sholáthar mar a bhí tuartha. Ina theannta sin, le bearta cuíchóirithe a tugadh isteach in 2018 chun neamhspleáchas níos fearr a thabhairt do na Pointí Teagmhála Náisiúnta maidir le coigeartuithe beaga buiséid gan formheas a fháil roimh ré, tacaíodh le cur chun feidhme níos rianúla agus cuireadh leis an éifeachtúlacht fhoriomlán. Maidir leis na torthaí agus na tairbhí a bhain an Gréasán amach, cruthaíodh go raibh cistiú GIE ríthábhachtach chun a áirithiú go bhféadfaí na torthaí agus na tairbhí sin a bhaint amach agus go mbeidís inbhuanaithe.

Maidir le rialachas, deimhníodh sa mheastóireacht gur oibrigh comhpháirteanna éagsúla GIE i gcomhréir le bunús dlí GIE le linn na tréimhse a ndearnadh anailís uirthi, lena n-áirítear freastal ar chruinnithe den Bhord Stiúrtha agus a ról a chomhlíonadh i gcomhréir le Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle. Ós rud é gur tháinig líon mór topaicí chun cinn de bharr COVID-19 agus gur príomhfhachtóir é sin a dhéanann difear do chóras imirce agus tearmainn an Aontais, eagraíodh dhá chruinniú bhreise den Bhord Stiúrtha in 2021. Thug GIE treoraíocht shubstaintiúil straitéiseach pholaitiúil don Ghréasán, rud a measadh a bheith ina fheabhsú mór ar an gcás a léiríodh sa mheastóireacht a rinneadh roimhe sin in 2015. Mar sin féin, sainaithníodh freisin nach raibh saineolaithe fós páirteach i gcúnamh a thabhairt don Bhord Stiúrtha, mar a cheanglaítear in Airteagal 4 de Chinneadh 2008/381/CE ón gComhairle sa chaoi nach ndearnadh aon dul chun cinn i leith na saincheiste sin ó rinneadh meastóireacht 2015.

Bhí comhdhéanamh na bPointí Teagmhála Náisiúnta i gcomhréir le Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus deimhníodh sa mheastóireacht go ndearna siad a gcúraimí i gcomhréir le forálacha an Chinnidh sin.

Cinneadh go raibh an méid a chuir Soláthraí Seirbhíse GIE le hoibriú GIE éifeachtúil agus tacúil, cé gur sainaithníodh gur ghá tuilleadh feabhais a chur ar a thráthúla a chuirtear na doiciméid isteach, lena n-áirítear miontuairiscí cruinnithe.

Ar an iomlán, deimhníodh sa mheastóireacht oiriúnacht struchtúr inmheánach GIE, rud a chuir ar a chumas a ghníomhaíochtaí a bhainistiú go héifeachtúil, chomh maith le leibhéal maith feasachta maidir le dáileadh inmheánach ról agus freagrachtaí.

Cinneadh sa mheastóireacht go raibh gníomhaíocht GIE **comhleanúnach** le beartas imirce agus tearmainn na hEorpa, lena n-áirítear an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann agus le príomhthionscnaimh bheartais imirce roghnaithe eile. Maidir le táirgí insoláthartha GIE chun tacú le ceapadh beartas agus chun an pobal i gcoitinne a chur ar an

eolas, bhí siad comhsheasmhach le cuspóir an Choimisiúin beartais tearmainn, fillte agus lánpháirtíochta cothrom agus éifeachtúil a áirithiú, chomh maith le bainistiú níos fearr ar theorainneacha seachtracha an Aontais. B'uirlis thábhachtach é rannchuidiú GIE le comhar praiticiúil agus malartú dea-chleachtas a éascú chun *acquis* an Aontais atá ann cheana a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhordaithe. Chuidigh sé le hiarrachtaí a chur chun cinn chun comhchuibhiú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcaighdeán coiteann lena rialaítear nósanna imeachta tearmainn, dálaí glactha agus aitheantas a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír ®a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Leis an gcomhthuiscint ar shaincheisteanna a bhaineann leis an imirce, arna cur chun cinn ag GIE, tacaíodh le sásra nua dlúthpháirtíochta a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar chás brú imirce. Thacaigh bailiú agus malartú faisnéise iontaofa agus cothrom le dáta le hullmhacht agus freagairtí géarchéime níos fearr a fhorbairt, chomh maith le bealaí dlíthiúla nua a fhorbairt i réimse na himirce agus an tearmainn.

Bhailigh GIE faisnéis atá ábhartha don Treoir maidir le Cárta Gorm AE agus sholáthair sé an fhaisnéis sin[12]. Tuarascálacha bliantúla ar imirce agus tearmann agus bileoga eolais de réir tíre a thuairiscítear go bliantúil – agus feasacháin ar bhonn ráithiúil – na bearta náisiúnta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun teacht isteach agus cónaí náisiúnaigh tríú tír a rialáil. Bhí sé sin iomlán comhsheasmhach leis an Treoir, lena leagtar síos na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí sna Ballstáit. Thairis sin, léiríodh go raibh tacaíocht GIE d'fhorbairt táscairí imirce feabhsaithe, i gcomhar le comhlachtaí ábhartha an Aontais freisin, comhsheasmhach leis an Treoir sin.

Cinneadh freisin go raibh cuspóirí agus gníomhaíochtaí GIE comhsheasmhach le cuspóirí agus gníomhaíochtaí Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach[13]. Beartaíodh leis an dá thionscnamh faisnéis a bhailiú maidir le smuigleáil imirceach, cúnamh d'imircigh leochaileacha chomh maith le comhar níos láidre le tríú tíortha chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta. I ndáil leis sin, idir 2018 agus 2021, áiríodh le tuarascálacha bliantúla ar imirce agus tearmann GIE agus sna bileoga eolais tíre forbhreathnú ar na forbairtí beartais náisiúnta is déanaí maidir leis an gcomhrac in aghaidh smuigleáil imirceach agus fanachtaí neamhrialta. Thacaigh GIE agus plean gníomhaíochta an Aontais le comhar le tríú tíortha agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus le faisnéis oibiachtúil, cothrom le dáta, iontaofa, ábhartha agus inchomparáide a chur ar fáil.

Ar an leibhéal náisiúnta, ghlac na Ballstáit forbairtí beartais i ngach réimse beartais a chumhdaítear le GIE idir 2018 agus 2021[14].
Léiríodh leis an anailís ar an gcomhar idir GIE agus na gníomhaireachtaí ábhartha (EASO, Frontex agus FRA) ardleibhéal comhleanúnachais agus comhsheasmhachta ina gcuspóirí agus

[12] Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lch. 1

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach (2015 - 2020), COM(2015) 285 final.

[14] Imirce dhleathach, cosaint idirnáisiúnta, mionaoisigh neamhthionlactha agus grúpaí leochaileacha eile, lánpháirtíocht agus cuimsiú, saoránacht agus daoine gan stát, teorainneacha, víosaí agus Schengen, imirce neamhrialta lena n-áirítear smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine fásta, filleadh agus athligean isteach, agus imirce agus comhar um fhorbairt.

ina ngníomhaíochtaí. Áirítear le bunúis dlí GIE agus na ngníomhaireachtaí araon forálacha sonracha a bhfuil sé d'aidhm acu forluí a sheachaint, agus sineirgí frithpháirteacha á bhfeabhsú san am céanna. Ina theannta sin, tugadh cuireadh go tráthrialta d'ionadaithe ó na gníomhaireachtaí freastal ar chruinnithe GIE chun comhar a chothú agus dúbailt oibre a sheachaint.

Athdhearbhaíodh **breisluach Eorpach** GIE le linn na meastóireachta lenar cruthaíodh nach bhféadfaí cuid mhór éachtaí a rinne GIE a bhaint amach gan a chuid oibre agus tacaíochta, go háirithe maidir le dea-chleachtas a mhalartú agus comhar cobhsaí praiticiúil a threisiú i measc na mBallstát, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar riachtanais faisnéise lucht ceaptha beartas náisiúnta.

D'athdhearbhaigh na páirtithe leasmhara go raibh breisluach mór ann de bharr GIE, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach do chomhar feabhsaithe laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin araon. Ós rud é gur gréasán buan é GIE agus go bhfuil sé fairsing sa chaoi go sroicheann sé raon leathan páirtithe leasmhara sna hearnálacha rialtais agus neamhrialtais araon, cruthaíodh timpeallacht inar tógadh caidreamh agus inarbh fhéidir muinín fhrithpháirteach idir gníomhaithe i réimse na himirce agus an tearmainn forbairt, i measc na mBallstát agus laistigh díobh araon. Bhí sé ríthábhachtach caidreamh cobhsaí a fhorbairt le gníomhaithe náisiúnta chun rochtain a fháil ar shonraí crua agus chun táirgeadh faisnéise a bhí cothrom le dáta agus cuimsitheach a áirithiú.

Deimhníodh freisin leis an meastóireacht go raibh an fhaisnéis a chuir GIE an-mhaith i dtéarmaí cáilíochta, cuimsitheachta agus ábharthachta i gcomparáid le foinsí eile atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Ní raibh aon líonra ná eagraíocht eile ar leibhéal an Aontais in ann na nósanna imeachta struchtúrtha agus na caighdeáin cháilíochta chéanna a chur ar fáil chun faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt, chomh maith le cur in iúl agus malartuithe sonraí a áirithiú i measc chomhaltaí uile GIE. Mheas formhór na bpáirtithe leasmhara gur 'ionad ilfhreastail' é GIE le haghaidh faisnéis a bhaineann leis an imirce nach bhfuil ar fáil in aon áit eile. Léiríodh sa mheastóireacht freisin, dá scoirfí de GIE, go mbeadh sé deacair soláthar cobhsaí a ghníomhaíochtaí agus a tháirgí insoláthartha a áirithiú ar leibhéal inchomparáide.

Deimhníodh **ábharthacht** GIE maidir le príomhthosaíochtaí an Aontais leis an ardleibhéal ailínithe idir raon feidhme tháirgí insoláthartha, chomhdhálacha agus imeachtaí GIE ar thaobh amháin agus na dúshláin agus na tosaíochtaí i réimse na himirce agus an tearmainn san Aontas ar an taobh eile. Cé nár tháinig aon athrú ar phríomhchuspóirí GIE le linn na tréimhse meastóireachta, tháinig forbairt ar na cuspóirí sonracha a liostaítear ina chláir oibre, agus fócas níos mó á leagan ar theicneolaíochtaí nua agus ar chomhar feabhsaithe le tríú tíortha. Léiríodh leis an bhfócas athraitheach sin na dúshláin agus na forbairtí beartais atá ag teacht chun cinn a mhúnlaigh tírdhreach imirce agus tearmainn an Aontais i gcaitheamh na mblianta.

Deimhníodh sa mheastóireacht an t-ailíniú idir fócas tháirgí GIE agus na topaicí tosaíochta arna moladh ag na Ballstáit. Cé gur cinneadh go raibh GIE oiriúnach don fheidhm a mhéid a

bhaineann le riachtanais lucht ceaptha beartas náisiúnta, níor deimhníodh ach ailíniú páirteach le riachtanais an phobail i gcoitinne[15].

## 3. CONCLÚIDÍ AGUS CEACHTANNA FOGHLAMTHA

Deimhníodh sa mheastóireacht go raibh feidhmíocht GIE i gcomhréir lena shainordú idir 2018 agus 2021 agus gur thacaigh sí lena chuspóirí a bhaint amach. Léiríodh go raibh cur chun feidhme ghníomhaíochtaí GIE costéifeachtach, lena n-áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí ardluacha (imeachtaí náisiúnta agus rannpháirtíocht i gcruinnithe GIE).

Ar a bharr sin deimhníodh an méadú atá ag teacht ar **éifeachtacht** GIE i leith díriú ar ghníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear a infheictheacht. Cinneadh gur gá an ról sin a neartú a thuilleadh chun comhpháirtithe náisiúnta a shlógadh ar bhealach níos fearr chun gníomhaíochtaí GIE a chur chun cinn.

Dúshlán a bhí in anailís a dhéanamh ar **éifeachtúlacht** GIE sa mheastóireacht mar thoradh ar shrianta modheolaíochta maidir le sonraí airgeadais a bheith ar fáil i bhfianaise na bearna uainiúcháin idir na blianta a ndearnadh measúnú orthu agus an tréimhse bailithe fianaise, chomh maith leis an easpa sonraí don tréimhse shonrach 2018-2021, i bhfianaise neamhailíniú na tréimhse meastóireachta le Cláir Oibre GIE. Maolaíodh an méid sin tríd an anailís a bhunú ar leithdháiltí buiséadacha agus trí shonraí airgeadais atá ar fáil ó na blianta 2017 agus 2022 a chur san áireamh. D'ainneoin na dteorainneacha, deimhníodh leis an meastóireacht gur leor an cistiú ó AMIF den chuid is mó chun oibriú GIE a chumhdach agus go raibh sé i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanann GIE. Cinneadh freisin go raibh ailtireacht rialachas GIE leormhaith chun na gníomhaíochtaí éagsúla a chur chun feidhme de réir na gClár Oibre le linn na tréimhse a raibh meastóireacht á déanamh uirthi. Chomh maith leis sin, bhí ról tábhachtach ag Soláthraí Seirbhíse GIE maidir le hoibriú rianúil an Ghréasáin a áirithiú.

Ar leibhéal an Aontais, deimhníodh leis an meastóireacht ardleibhéal **comhleanúnachais** idir gníomhaíochtaí GIE agus príomhthosaíochtaí an Aontais i réimse na himirce agus an tearmainn. Cinneadh go raibh cuspóirí GIE ag teacht leis na tionscnaimh ábhartha roghnaithe a rinneadh san Aontas le linn na tréimhse meastóireachta, is iad sin an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann, an Treoir athbhreithnithe maidir le Cárta Gorm AE agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach. Cuireadh na tionscnaimh sin i dtábhacht mar thoradh ar a n-ábharthacht dhíreach do ghníomhaíochtaí anailíseacha agus malartaithe faisnéise GIE. Tá na creataí idirnáisiúnta a ndearnadh measúnú orthu teoranta ag sainordú GIE, maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an imirce laistigh de Bhallstáit an Aontais agus de thíortha GIE is breathnóirí. Cinneadh freisin go raibh cur chuige cuimsitheach GIE i leith na himirce i gcomhréir go comhsheasmhach le raon feidhme sonrach gníomhaíochta gach ceann de na tionscnaimh sin. Baineann uathúlacht tháirgí GIE le raon leathan na dtopaicí a chumhdaítear ina tháirgí insoláthartha agus le hinniúlacht na mBallstát sonraí agus faisnéis a bhailiú go díreach, rud a d'fhág go raibh iontaofacht agus inchomparáideacht níos airde ann. Ar deireadh, d'éirigh leis an gcomhar feabhsaithe idir GIE

---

[15] Chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin, rinneadh foráil i bPlean Cumarsáide GIE 2021-2025 maidir le roinnt feabhsuithe.

agus na hionadaithe ar leibhéal an Aontais a áirithiú nach raibh na cuspóirí coiteanna ina gcúis le haon dúbailt iarrachtaí.

Ar an leibhéal náisiúnta, sainaithníodh freisin ardleibhéal comhsheasmhachta idir ábhair a chumhdaítear le haschuir GIE agus forbairtí beartais na mBallstát idir 2018 agus 2021. Bhí an méid sin ina thoradh go príomha ar phróiseas roghnúcháin comhairliúcháin GIE maidir le hábhair a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh ina tháirgí, rud a d'éiligh roinnt babhtaí comhairliúcháin idir an Coimisiún agus na Ballstáit sa Bhord Stiúrtha agus sna Pointí Teagmhála Náisiúnta araon, rud a chuidigh le freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara éagsúla ar an leibhéal náisiúnta. Bhí laige choibhneasta ag baint leis an bpróiseas comhairliúcháin, ar sainghné den Ghréasán é, mar go raibh an-chuid ama ag teastáil chun na babhtaí comhairliúcháin athdhearbhaithe a chur i gcrích. Mar sin féin, cinneadh gur mhó tairbhí an phróisis agus an comhdhearcadh ar thángthas air ná an costas a mheastar a bheith ag baint le babhtaí comhairliúcháin.

Cinneadh leis an meastóireacht freisin go raibh freagrúlacht GIE do riachtanais an phobail i gcoitinne fós ina réimse ar gá tuilleadh feabhais a chur air. Bhí an fhaisnéis a chuir GIE ar fáil de chineál teicniúil uaireanta agus, dá bhrí sin, ní raibh sí curtha in oiriúint go leordhóthanach do riachtanais an phobail i gcoitinne. Sainaithníodh freisin go bhféadfaí feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear torthaí GIE in iúl. D'ainneoin infheictheacht mhéadaithe a bheith bainte amach do GIE ar leibhéal an Aontais, léiríodh go raibh gníomhaíochtaí comhroinnte faisnéise ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear cumarsáid leis na meáin, teoranta go pointe áirithe ó thaobh lín agus for-rochtana araon, agus bhí cur in iúl ghníomhaíochtaí GIE fós teoranta go príomha do ghrúpa an lucht ceaptha beartas. Chun aghaidh a thabhairt air sin, rinne GIE roinnt gníomhaíochtaí in 2021 arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chur in iúl agus foilsiú a ghníomhaíochtaí agus a thorthaí i measc an phobail i gcoitinne. Déanfar anailís ar éifeachtaí na n-iarrachtaí sin le linn na chéad mheastóireachta eile ar GIE.

Deimhníodh leis an meastóireacht go raibh **breisluach Eorpach** an-mhór ann de bharr GIE. Malartú agus soláthar faisnéise ardcháilíochta agus comparáidí agus dea-chleachtais ardcháilíochta agus chomparáidigh a chothú i réimse na himirce agus an tearmainn chomh maith le feabhas a chur ar chomhar praiticiúil sa bheartas imirce idir na Ballstáit, an tAontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus i measc gníomhaithe náisiúnta, ní fhéadfaí é sin a bhaint amach ar leibhéal inchomparáide gan gníomhaíochtaí an Ghréasáin. Ina theannta sin, rannchuidigh táirgí GIE le comhthuiscint ar phríomhghnéithe a bhaineann leis an imirce i measc lucht ceaptha beartas i mBallstáit an Aontais.

Dá scoirfí de GIE, bheadh sé deacair a áirithiú go leanfaí dá ghníomhaíochtaí, go háirithe líonraí imirce náisiúnta a bheith ann, malartú faisnéise le tríú tíortha, agus táirgeadh tuarascálacha náisiúnta ar imirce agus tearmann sna Ballstáit uile. Sa chomhthéacs sin, cinneadh go raibh bunús dlí GIE leordhóthanach, toisc gur sholáthair sé sainordú leordhóthanach a bhí ag teacht le hacmhainní comhréireacha chun cuspóirí GIE a bhaint amach.

Sainaithníodh leis an meastóireacht cúig réimse ina mbeadh gá le tuilleadh fócais amach anseo chun feabhas a chur ar oibriú GIE ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Is iad seo a leanas **na cúig cheacht a foghlaimíodh**:

- comhsheasmhacht iomlán a choinneáil idir tosaíochtaí beartais an Aontais atá ag teacht chun cinn agus gníomhaíochtaí GIE a shainítear sna cláir oibre;
- a áirithiú go mbeidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde rannpháirteach go tráthrialta i gcruinnithe an Bhoird Stiúrtha agus na bPointí Teagmhála Náisiúnta;
- a áirithiú go mbeidh roinn maidir le dea-chleachtais náisiúnta in tuarascálacha bliantúla ar imirce agus tearmann agus staidéir GIE;
- treoirlínte a fhorbairt maidir le staidreamh náisiúnta imirce a chur ar fáil i gcomhar le Eurostat;
- straitéis a dhréachtú maidir le conas Líonraí Imirce Náisiúnta a bhunú agus a bhainistiú.

Ar an iomlán, aithníodh sa mheastóireacht **rannchuidiú dearfach** Ghréasán Imirce na hEorpa le riachtanais bheartais agus le cuspóirí bheartas imirce an Aontais. Sna cúig chritéar uile a ndearnadh meastóireacht orthu, cinneadh go comhsheasmhach go bhfuair GIE scór maith, go raibh sé éifeachtach maidir le gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanamh, breisluach láidir Eorpach a sholáthar, úsáid mhaith agus éifeachtúil a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus ar bhealach comhleanúnach laistigh den chreat a oibríonn sé. Níor moladh sa mheastóireacht leasuithe lena n-athbhreithneofaí Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle.